Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

Nuacht Na Cathrach

Nuacht ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe – Earrach 2007.

Le fáil istigh sa foilseachán seo:

- Músaem Chathair na Gaillimhe
- Cúrsaí Pobail
- Cúrsaí Cathrach
- Scéim Tithíochta
- Athchúrsáil
- Cúrsaí Forbartha
- Sonraí Teagmhála - Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

Eagrán 1

Fáilte

Fáilte romhat chuig an gcéad eagrán de Nuachtlitir Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Tá sé d'aidhm againn leis an Nuachtlitir seo muintir na Gaillimhe a chur ar an eolas faoi roinnt de ghníomhaíochtaí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ó cheadanna pleanála a ceadaíodh le deireanas go bainistíocht dramhaíola go hoscailt Mhúsaem nua Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

Scaipfear an Nuachtlitir seo ar thithe i gCathair na Gaillimhe agus tá súil ag an gComhairle go mbeidh eolas agus úsáid le fáil agat sa bhfoilseachán.

Dá mba mhian leat aiseolas a sheoladh chugainn d'fhéadfá sin a dhéanamh agus fáilte ach an fhoirm atá ar leathanach 20 a líonadh agus í a sheoladh ar ais chuig *Nuachtlitir Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh.*

Ná lig i ndearmad, ach oiread, na páistí a spreagadh leis an gcrosfhocal atá i gCúinne na bPáistí a líonadh isteach le deis a bheith acu €20 a bhuachan.

Taispeántas a bheidh Buan á Sheoladh ag Músaem Chathair na Gaillimhe

Beidh Músaem Chathair na Gaillimhe á oscailt arís ar an 16ú Aibreán tráth a sheolfar taispeántas a bheidh ann go buan. Beidh lámhdhéantúsán uathúil altóra ón 17ú céad, an áit nua don dealbh de Phádraig Ó Conaire agus Húicéir Chathair na Gaillimhe ar bhaist an pobal an 'Máirtín Oliver' uirthi ar bhuaicphointí an taispeántais.

Beidh trí urlár sa mhúsaem ar a mbeidh na taispeántais agus na painéil eolais a thabharfaidh léargas ar scéal na Gaillimhe ó na meánaoiseanna go dtí an lá atá inniu ann. Is iomaí dámhachtain ailtireachta atá gnóthaithe ag an bhfoirgneamh a dhear Oifig na nOibreacha Poiblí agus tugadh ardmholadh don chaoi ina dtarraingíonn dearadh iomlán an Mhúsaeim ar áilleacht an Chladaigh agus an Phóirse Chaoich atá mórthimpeall air.

Scéal comhaimseartha na Gaillimhe a bheidh á ríomh ar urlár na talún agus leagfar béim speisialta ar ról na n-ealaíon sa chathair. →

Áirse an músaeim

→ Cuirfear Gaillimh na meánaoiseanna i láthair ar an gcéad urlár ar bhealach beo comhaimseartha agus is taispeántas bunaithe ar shráidbhaile an Chladaigh a bheidh ar an dara hurlár agus clúdóidh sé an tréimhse ón am tar éis an Ghorta go dtí luath-thréimhse an chéid seo caite.

Beidh taispeántais a bheidh ar chamchuairt agus taispeántais a bheidh ar iasacht ó dhánlanna eile á gcur ar siúl i Músaem Chathair na Gaillimhe ar feadh na bliana chomh maith. Is trí Mhúsaem Kahn Pháras a thiocfaidh an chéad taispeántas mór le rá ar iasacht. Beidh bailiúchán grianghraf ann ag dul siar go dtí na luath 1900adaí de Ghaillimh agus den Chladach go háirithe. Beidh an taispeántas seo ar bun ó Mheitheamh go Meán Fómhair 2007.

Beidh taispeántais shealadacha ar siúl ó am go ham sa mhúsaem ag ealaíontóirí áitiúla agus ag grúpaí pobail. Beidh taispeántas ó Chumann Deileadóirí na Gaillimhe ar cheann de na taispeántais sin. Beidh earraí ar taispeáint acu a rinneadh as roinnt de na crainn a bhíodh ag fás ar an bhFaiche Mhór.

Gné eile a bheidh ar chlár Mhúsaem Chathair na Gaillimhe is ea an clár 'An Oidhreacht Bheo'. Tá sé i gceist go dtabharfadh an Músaem deis do dhaoine freastal ar sheimineáir, ar chainteanna agus ar sheónna i gcaitheamh na bliana go léir. Tá sé i gceist ag an gComhairle Cathrach go mbeadh idirghníomhaíocht idir an músaem agus scoileanna agus grúpaí pobail. Ina theannta sin bainfear úsáid as chun ócáidí áirithe a reáchtáil ann, mar shampla an Fhéile 'Cúirt' a oscailt ar an 24ú Aibreán.

Beidh saorchead isteach sa mhúsaem ag an bpobal. Is é mian na Comhairle Cathrach gur foirgneamh é an músaem a mbeadh baint ag muintir na Gaillimhe leis ó thaobh cúrsaí cultúrtha de. Is deis é an foirgneamh do chumainn staire, do ghrúpaí pobail, do lucht na n-ealaíon agus do dhaoine eile cainteanna, ceardlanna, agus seoltaí leabhar nó ócáid ar bith eile dá leithéid a leagann béim ar stair áitiúil, ar an oidhreacht nó ar an traidisiún, a chur ar siúl ann. Is féidir le grúpaí a mbeadh sé i gceist acu úsáid den sórt seo a bhaint as an músaem glaoch ar an uimhir 091 536464.

Má bhíonn lón nó caife uait nuair a bheidh do chuairt curtha díot agat ní bheidh áit níos fearr duit le bualadh isteach ann ná bialann an mhúsaeim. Beidh sí oscailte ar feadh na seachtaine agus í suite in áit aoibhinn i gClós an Phóirse Chaoich. Beidh leabhair a bheidh mar thabhartais ón bpobal istigh i mbialann an mhúsaeim. Féadfaidh daoine leabhair a bheidh á dtabhairt mar thabhartais acu a leagan isteach ag an bhfáiltiú sa mhúsaem ach níor mhór inscríbhinn faoi leith a bheith taobh istigh ar an gclúdach.

Uaireanta oscailte an tSamhraidh:
Luan-Domhnach 10.00rn - 5.00in ón
1 Meitheamh - 30 Meán Fómhair.

Uaireanta oscailte an Gheimhridh:
Máirt-Satharn 10.00rn - 5.00in ón
1 Deireadh Fómhair - 31 Bealtaine.

Toscairí Chathair na Gaillimhe chuig Dáil na nÓg a bhí ar siúl le déanaí i bPáirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath. Ó chlé go deas: Adam Davis Chris Maloney Fíodhna Horan Murphy Martin Cleary and Ross Rooney

Comhairle na nÓg

Tá an Rannóg Pobail agus Fiontair a bunaíodh sa bhliain 1999 ar cheann de na rannóga is nua i gComhairle Cathrach na Gaillimhe. Ceann dá cuid feidhmeanna is ea tacaíocht a thabhairt do Bhord Forbartha Chathair na Gaillimhe agus ina theannta sin bíonn sí gníomhach sa réimse níos leithne a bhaineann le forbairt pobail agus le cuimsiú sóisialta. Ceann de na réimsí ina mbíonn sí gníomhach is ea tacú le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gcúrsaí cinnteoireachta sa chathair. Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag idirghníomhú le déagóirí sa chathair go léir trí Chomhairle na nÓg Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ón mbliain 2001 i leith agus bíonn sin ar siúl aici i gcomhar le Coiste Gairmoideachais Chathair na Gaillimhe, le Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe agus le Comhairle Dheonach na nÓg na Gaillimhe. Ainmníonn Comhairle na nÓg toscairí gach bliain chun freastal ar Dháil na nÓg agus tá tionscadail Eorpacha curtha di aici agus ina theannta sin eagraíonn sí a trí nó a ceathair de chruinnithe in aghaidh na bliana agus tugann sí tacaíocht do ghrúpa eagraithe na ndaoine óga féin. Faoi láthair tá comhaltaí na Comhairle ag ullmhú don dara ceann de Chomhdhálacha na nÓg de chuid an Mhéara a reáchtálfar in Óstán an Galway Bay, i mBóthar na Trá ar an 24 Aibreán.

Tá Fíodhna Horan-Murphy as Coláiste na Coiribe ar dhuine de na daoine óga atá ina gcomhaltaí de Chomhairle na nÓg agus tá cuntas anseo thíos aici ar an taithí a fuair sí i gComhairle na nÓg.

"Ar chaith tú súil ghránna riamh ar bhuíon déagóirí a raibh "rud éigin ar bun acu"?

An raibh rud éigin neamhdhleathach ar siúl acu nó arbh é gur cheap tú go raibh?

Ceaptar gur daoine óga ardghlóracha, leithleacha a bhfuil na hormóin ag cur as dóibh iad na déagóirí. B'fhéidir gur fíor a rá go léiríonn siad na tréithe seo anois is arís ach gabh i leith uait, ní fhéadfadh go mbeadh muid gránna 24/7! Tá roinnt de na daoine fásta tar éis seans a thabhairt dúinne, na déagóirí "clamhsánacha" seo agus tá ár gcion féin á dhéanamh againne don phobal anois.

"Fiontar dá leithéid seo is ea Comhairle na nÓg. Is í aidhm Chomhairle na nÓg daoine óga a bheith rannpháirteach go dáiríre agus go cuimsitheach sa chinnteoireacht agus sa daonlathas áitiúil. Cuireann Comhairle na nÓg Chathair na Gaillimhe ar chumas ionadaithe freastal ar Dháil na nÓg gach bliain. Sainmhíniú atá sa mhéid sin. Nuair atá tú i gComhairle na nÓg tá tú in ann a bhfuil le rá agat a rá amach agus, le fírinne, éistfear leat. Bíonn cruinnithe againn uair sa mhí nó mar sin agus bhí lámh mhaith chúnta ag coiste na Comhairle seo againne nuair a bhí imeachtaí don óige le heagrú ar fud na cathrach.

"Cúpla bliain ó shin bhuail buíon scátálaithe óga isteach ag lorg ionad scátála agus deirimse leat go raibh Comhairle breá sásta mar gurbh bhronntanas dóibh siúd sa deireadh thiar thall gur osclaíodh Páirc na Mílaoise. Sin sampla amháin den chaoi inar féidir le Comhairle tionchar a imirt. Meon agus rún daingean gníomh a dhéanamh an modh oibre a bhíonn againn agus deirimse leat go mbíonn neart de sin le sonrú ag na cruinnithe a bhíonn againn!

Is iondúil go mbíonn slua breá ag na cruinnithe a bhíonn againn agus buaileann daoine nua isteach i gcónaí agus is iontach an t-atmaisféar a bhíonn i Halla na Cathrach maidineacha Sathairn. Is é bun agus barr an scéil gur maith le déagóirí cabhrú le daoine eile ach bíonn bearrán orthu nuair nach gcuirtear an obair i gcrích cé go mbíonn a míle dícheall déanta acusan.

"Bhí sé de phribhléid agam an bhliain seo caite a bheith i mo chomhalta den choiste a d'eagraigh Comhdháil na nÓg de chuid an Mhéara agus b'iontach an tairbhe a bhain mé as. Ba í Gráinne O'Byrne an príomheagraí a bhí againn agus bhí sí thar cionn agus ní chreidfeá ach an lear mór oibre a rinneamar go léir - ó rudaí chomh simplí leis an Radisson a chur in áirithe agus cinneadh a dhéanamh faoi scéim dathanna go siamsaíocht na hoíche a eagrú, DJanna agus ionaid a fháil agus nótaí ceada ó thuismitheoirí a réiteach. B'fhiú ar fad an obair a chuireamar isteach ann agus d'éirigh thar barr leis an gcomhdháil. Agus a chairde beidh an rud céanna ar bun againn arís i mbliana - agus téama glas againn don Mhéara Ó Brolcháin! Is mór an sásamh pearsanta dom é nuair a fheicim go mbíonn toradh fiúntach ar na hiarrachtaí a dhéanaim."

Má tá a thuilleadh eolais uait faoi Chomhairle na nÓg téigh i dteagmháil leis an Rannóg Pobail & Fiontair i gComhairle Cathrach na Gaillimhe ag 091 536 543

GAILLIMH mar CHATHAIR SHLÁINTIÚIL: Márta 2007

Comhdháil – 'Ag Dul in Aois go Sláintiúil' ar an 14ú Samhain 2006 in Óstán an Chlaí Bháin, bhí níos mó na 90 rannpháirtithe ann

Ag Dul in Aois go Sláintiúil

Bhí comhdháil aon lae ar siúl ag tionscadal na Gaillimhe de Chathracha Sláintiúla i mí na Samhna 2006 chun plean gníomhaíochta a chur le chéile do: Ag Dul in Aois go Sláintiúil i gCathair na Gaillimhe.

'Leagan amach spás oscailte' a bhí ar an gcomhdháil seo agus díríodh ar an téama *"Cé mar is féidir linn cur le sláinte agus folláine na ndaoine breacaosta i gCathair na Gaillimhe?"*

Bhí 90 rannpháirtí ó ghníomhaireachtaí reachtúla, pobail agus deonacha i láthair chomh maith le daoine aonair a raibh spéis acu sa tsaincheist a bhain le sláinte agus folláine na ndaoine breacaosta i gCathair na Gaillimhe a fheabhsú.

Is é an plean oibre atá ag Gaillimh mar Chathair Shláintiúil do 2007 tacú leis na grúpaí oibre a bunaíodh i ndiaidh na comhdhála agus dul chun cinn a dhéanamh ar na saincheisteanna a aithníodh ag an gcomhdháil.

Pleanáil Uirbeach Shláintiúil

Tá moladh ann comhdháil agus ceardlann a eagrú i Meán Fómhair 2007 ar Phleanáil Uirbeach Shláintiúil i gcomhar leis an nGrúpa Forbartha Chathair Chruthaitheach na Gaillimhe. Cuirfidh sé seo le Plean Straitéiseach na Cathrach maidir leis an bhforbairt mholta ar cheantar dugaí na Cathrach a bhfuil sé d'aidhm léi "aghaidh na cathrach a thabhairt le farraige".

Cumarsáid

Is é ról an tascghrúpa ar chumarsáid (a) próifíl an tionscadail Gaillimh mar Chathair Shláintiúil a bhunú agus (b) a neartú. Tá uirlisí forbartha mar shampla bileoga, bróisiúir, póstaeir agus an suíomh gréasáin á bhforbairt ag an ngrúpa faoi láthair. Tá an lucht éisteachta, atá mar sprioc, aitheanta agus tá plé déanta ar na modhanna chun iad a bheith rannpháirteach.

Measúnú Tionchair ar an tSláinte:

Tá grúpa idir-earnála ar a bhfuil Ollscoil na hÉireann Gaillimh, FSS Thiar, Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Contae na Gaillimhe ag beartú dul i mbun Measúnú Tionchair ar an tSláinte maidir le hiompar agus le plódú tráchta i gCathair agus i gContae na Gaillimhe. Tá a thuilleadh cruinnithe beartaithe chun tionscail shonracha a aithint. Tá seimineár ar Mheasúnú Tionchair ar an tSláinte beartaithe do mhí na Bealtaine 2007.

Le haghaidh tuilleadh eolas, dean teagmháil le Fiona O Donovan, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an Iarthair. Uimhir Theileafóin: 091 – 548518

Cripteaspóiridiam i Soláthar Uisce na Gaillimhe

Ó bhris ráig an chripteaspóiridiaim amach i soláthar uisce na cathrach agus ó cuireadh amach fógra faoin uisce a fhiuchadh ar an 15 Márta, 2007 tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag obair le Comhairle Contae na Gaillimhe agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) Thiar araon ar mhaithe le réiteach a fháil ar an bhfadhb. Is é an ní is mó a bhfuil aird againn air anois díreach a chinntiú go gcosnaítear do shláinte. Réamhchúram ba chúis leis an gcinneadh a rinneadh fógra a chur amach faoin uisce a fhiuchadh sular aithníodh an cripteaspóiridiam go dearfach sa soláthar uisce.

Táimid leagtha amach anois ar an bhfadhb seo a réiteach. Tá fuascailt faighte agus cuirfear i bhfeidhm í.

Ardóidh muid an toilleadh uisce ó aonad cóireála uisce Chomhairle Contae na Gaillimhe i Luimneach isteach chuig an gcathair ar an bpointe. Cuirfear seo in áit an tsoláthair atá ag teacht ó sheanionad oibreacha uisce Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i dTír Oileáin. Cinnteoidh an meascán as an dá sholáthar, an ceann as Luimneach agus an ceann as an ionad níos nua cóireála uisce i dTír Oileáin go gcuirfear soláthar uisce sábháilte ardchaighdeáin chomh fada le do theach chomh aluath agus is féidir. Ní mór dúinn roinnt beart maidir le huisce a spáráil a chur i bhfeidhm ag an bpointe seo ionas go mbeidh soláthar leanúnach againn le linn thréimhse ghnóthach an tsamhraidh, an tráth a mbíonn an t-éileamh is airde ar an uisce le hól. Faoi dheireadh na bliana cuirfimid ionad cóireála uisce ar fáil ag ionad na seanoibreacha uisce i dTír Oileáin a fheabhsóidh na próisis chóireála ansin agus san fhadtéarma cuirfimid scéim nua glan isteach in áit an ionaid chóireála seo. Mar sin ní hé amháin go bhfuil sé leagtha amach againn soláthar uisce sábháilte ardchaighdeáin a bheith agat sna sconnaí chomh luath agus is féidir. Tá bearta á gcur i bhfeidhm againn freisin ionas nach dtarlóidh a leithéid seo arís agus lena chinntiú go mbeidh dóthain de thoilleadh uisce sábháilte le hól againn don chathair is mó a bhfuil borradh fúithi in Éirinn.

Fuarthas cripteaspóiridiam in áiteanna eile sa tír, mar shampla sa Chlár agus san Iarmhí, le deireanas. Tharla trí ráig de i mBéal Feirste. Faraor is gné é a bhaineann le córais uisce agus d'fhéadfadh sé a bheith sách deacair é a aithint. Tá bileog á seoladh timpeall chuig do theach againn chun níos mó eolais a thabhairt duit faoi. Ach anois díreach iarraimid ort aon uisce a bheadh le hól a fhiuchadh agus coinneáil ort á dhéanamh sin go dtí go dtarraingítear siar an fógra faoin uisce a fhiuchadh. Féadfaidh tú a bheith cinnte dearfa de go marófar an fhríd má fhiuchtar an t-uisce agus go mbeidh an t-uisce sábháilte le hól ina dhiaidh sin.

Léiríonn géarchéim mar seo a mhéid is a bhraithimid ar uisce le hól. Admhaím agus is maith is eol dom gur chuir an ráig seo den chripteaspóiridiam as go mór duit agus tá mé an-choinsiasach faoin gcaoi ar chuir sí isteach ar ár ndaoine óga agus ar ár seandaoine. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh leat as ucht cur suas linn, as a bheith foighneach linn agus as aird a thabhairt ar na fógraí faoi shláinte phoiblí.

Joe MacGrath – Bainisteoir Contae

Beo agus Gníomhach

Rannpháirtithe i dtionscnamh an gairdín orgánach i mBaile Bán ag réiteach an "polytunnel

Gairdín Orgánach, An Baile Bán
Sa bhliain 2006 rinne na rannpháirtithe gairdín agus d'oibrigh siad ann. Tugadh tacaíocht dóibh agus d'fhoghlaim siad faoi bhealaí orgánacha garraíodóireachta. Bhí eolas agus comhairle le fáil ó chéim go céim ó chur go baint. Cuireadh fataí, arbhar, leitís, trátaí, scailliúin, lus an choire agus pónairí reatha mar shampla. Lena chois sin bhí eolas faoi chothú agus faoi scileanna cócaireachta á thabhairt amach ag an Rannóg um Chothú Pobail (FSS) agus ag an Rannóg um Bainistíocht Teaghlaigh (FSS) mar chuid de phróiseas iomlán foghlama an tionscadail. Bhí an Tionscadal Forbartha Pobail, Comhairle na Cathrach, RAPID agus OÉ Gaillimh i measc na gcomhpháirtithe eile a bhí ann.

Tá rannpháirtithe nua á n-earcú anois i gcomhair thionscadal ghairdín orgánach na bliana seo. Bíonn an garraíodóir agus ionadaí an Tionscadail Forbartha Pobail ag obair ar an ngairdín gach ré seachtain chun é a réiteach. Is gearr go mbeidh an obair sin á déanamh gach seachtain agus tá seans ann go leagfar amanna eile amach chun freastal ar a thuileadh daoine. Tá gairdín orgánach á réiteach ag scoil áitiúil sa Taobh Thiar do na páistí scoile agus don phobal sa cheantar sin agus tá an gairdín á bhunú acu ar mhúnla an ghairdín ar an mBaile Bán.

An Tionscadal 'Dathú na gClós Súgartha'
Is í an aidhm atá leis an tionscadal 'dathú na gclós súgartha' deis a thabhairt do na bunscoileanna go léir (27) i gCathair na Gaillimhe agus i gceantair chuí eile sa chathair clóis shúgartha a dhathú le híomhánna déanta le stionsail. Tá sé i gceist leis an tionscadal gníomhaíocht choirp a mhéadú, an comhshaol a fheabhsú agus na páistí, na tuismitheoirí, an pobal agus na múinteoirí scoile a bheith rannpháirteach ann.

Go dáta tá dhá scoil aitheanta agus roghnaithe i gCathair na Gaillimhe chun tionscadal píolótach a chur ar siúl iontu. Cuirfidh an tionscadal píolótach roimhe athbhreithniú a dhéanamh ar nithe loighisticiúla agus tabhairt fúthu, modhanna do chluichí, am péinteála agus na príomhdhaoine a bheidh páirteach ann a roghnú. Nuair a chríochnófar an chéim phíolótach (Bealtaine 2007) déanfaidh an Grúpa don Óige um Mhaireachtáil Shláintiúil measúnú ar na torthaí agus cuirfidh siad moltaí le chéile maidir leis an tionscadal a chur i bhfeidhm go céimneach sna scoileanna go léir agus i limistéir chuí eile.

Taighde

Ceanglaíonn An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte ar chathracha atá istigh i líonra na gcathracha sláintiúla próifíl sláinte agus plean sláinte a leagan amach. Is í an bhliain seo, 2007, an bhliain atá ceaptha chun na sonraí i gcomhair na próifíle sláinte a bhailiú chun plean sláinte a chur le chéile. Tá 3 ghné sa phróifíl seo

- Suirbhé ar shláinte agus ar fholláine (1,052)
- Comhairliúchán pobail leis na príomhghrúpaí sa phobal agus i limistéir RAPID
- Comhthiomsú na sonraí tánaisteacha maidir leis na deitéarmanaint sláinte go léir a bhaineann go sonrach le Cathair na Gaillimhe

Táthar i mbun na gcéimeanna deiridh den cheistneoir agus den mhodh oibre don suirbhé faoi láthair agus tá an obair pháirce beartaithe do Bhealtaine/Meitheamh 2007. Cuirfidh an Roinn um Chothú Sláinte, Ollscoil na hÉireann, an obair sin i gcrích. Táthar ag féachaint ar Fhoghlaim as Rannpháirtíocht sa Ghníomh faoi láthair i gcomhair an chomhairliúcháin phobail.

Is le Cathair na Gaillimhe go sonrach a bhainfidh na sonraí a bhaileofar agus beidh siad ar fáil do na gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha go léir agus don 12 eagras comhordúcháin eile de chuid Bhord Forbartha Chathair na Gaillimhe.

Scéim Tithíochta Inacmhainne

Tithíocht Inacmhainne Sruthán Mhuirlinne

Tá 2 scéim tithíochta inacmhainne I gcathair na. Gaillimhe Bunaíodh an Scéim Tithíochta Inacmhainne den chéad uair sa bhliain 1999. Forálann sí do thithe nua a thógáil ar thalamh faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i limistéir ina raibh praghsanna tithe ag fágáil ceannaitheoirí ar ioncam íseal ar an bhfaraor géar ó thaobh a bheith in acmhainn tithe a cheannach. Tairgtear na tithe do cheannaitheoirí incháilithe lena gceannach ar an mbunphraghas agus dá réir sin bíonn siad ar fáil ar lascaine shuntasach i gcomparáid leis an luach a bheadh ar thithe inchomórtais sa limistéar. Bunaíodh an dara scéim I 2002 faoi Chuid V den Act Um Phleanáil

Tithe inacmhainne a thógann forbróir príobháideach ar eastáit phríobháideacha is ea na tithe seo. Comhaontaíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe 20% de na haonaid seo a cheannach ón bhforbróir agus tairgtear ansin iad ar bhunphraghas do cheannaitheoirí a bhíonn ina n-acmhainn.
Beidh an teach inacmhainne agatsa le maireachtáil ann chomh fada is is mian leat ach is cóir don té a cheannaíonn teach inacmhainne cónaí ann agus é a bheith ina phríomháit chónaithe aige nó aici ar feadh 20 bliain ón dáta ar ar ceannaíodh é. Má dhíolann tú an teach taobh istigh de 20 bliain caithfidh tú céatadán den phraghas a gheobhaidh tú air a íoc leis an údarás áitiúil.

Pointí Cáilíochta:
Chun cáiliú le haghaidh teach inacmhainne ní mór duit:

- A bheith ag ceannach tí den chéad uair - tá roinnt eisceachtaí ann m.sh. colscaradh/idirscaradh.
- A bheith i do chónaí nó ag obair i nGaillimh ar feadh tréimhse 12 mí sula gcuireann tú iarratas isteach.
- Gá a bheith agat le tithíocht agus d'ioncam a bheith ag tarraingt leis an tástáil ioncaim seo thíos.

Chun cáiliú le haghaidh tithíocht inacmhainne:

- faoin Scéim Tithíochta Inacmhainne 1999 is cóir sa bhliain chánach roimhe sin go mbeadh ollioncam duine singil níos lú n €40,000 agus ollioncam comhiarratasóirí níos lú ná €75,000.
- faoi Chuid V, Tithíocht Inacmhainne - Comhlíonfaidh duine na critéir ioncaim i gcomhair Cuid V den tithíocht inacmhainne má tá a ioncam nó a hioncam sa chaoi is nach mbeadh sé nó sí ábalta na haisíocaíochtaí morgáiste a íoc ar an maoin ag luach an mhargaidh ach go mbeadh sé nó sí ábalta na haisíocaíochtaí a íoc ag luach an díola.

Cineálacha Tithe Inacmhainne:
Tá raon maoine dhifriúla ar fáil le ceannach lena n-áirítear árasáin dhá sheomra leapa nó trí sheomra leapa, gnáth-thithe/aonaid dhéphléacsacha trí sheomra agus ceithre sheomra leapa.

Tá os cionn 530 teach inacmhainne údaráis áitiúil curtha ar fáil ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe ó bunaíodh an scéim sa bhliain 1999. Chuir an Chomhairle 52 aonad inacmhainne ar fáil faoi Chuid V sa bhliain 2006.

Tógadh Tithe Inacmhainne ar an Taobh Thiar agus ar an Taobh Thoir den chathair. Beidh 53 ionad inacmhainne á gcur ar fáil ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe san ocht mí dhéag seo romhainn. Ina theannta sin beidh tithe inacmhainne ar fáil faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt.

Reáchtáiltear an scéim seo ar chóras pointí mar atá faoin Scéim Tosaíochta Ligin. Tá foirmeacha iarratais agus sonraí le fáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe: www.galwaycity.ie nó seachas sin féadfaidh tú bualadh isteach chuig oifigí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh ó Luan go hAoine ón 9.00rn go dtí 4.00in.

An Scéim Cóiríochta ar Cíos

Is scéim nua náisiúnta do dhaoine a bhfuil forlíonadh fadtéarmach cíosa á fháil acu í An Scéim Cóiríochta ar Cíos agus táthar á feidhmiú go céimneach i gCathair na Gaillimhe faoi láthair.

Is iomaí sochar ann dóibh sin atá i dteideal leas a bhaint as An Scéim Cóiríochta ar Cíos. Áirítear leis sin a bheith cinnte **de sholáthar fadtéarmach tithíochta** agus teacht a bheith acu ar raon de thacaí tithíochta. Cuirfear **feabhas ar cháilíocht agus ar chaighdeáin** na cóiríochta tithíochta chomh maith de bharr na Scéime. Agus ar deireadh **má fhaigheann tú post féadfaidh tú fanacht sa Scéim** agus leanfaidh An Chomhairle Cathrach uirthi ag íoc cíosa le do Thiarna Talún ach caithfidh tusa ranníocaíocht níos airde a íoc i leith an chíosa.

Faoi théarmaí na Scéime déanfar conradh idir Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus an Tiarna Talún agus an faighteoir Forlíonaidh Cíosa ar feadh tréimhse aontaithe blianta agus i rith an ama sin rathóidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe, faoi réir théarmaí an chonartha, íocaíocht an chíosa aontaithe leis an Tiarna Talún thar ceann an tionónta. Ansin déanfaidh an tionónta ranníocaíocht chíosa leis an gComhairle Cathrach agus ríomhfar í sin in imeacht ama sa tslí chéanna is a ríomhfaí cíos dá mbeadh an tionónta i dteach údaráis áitiúil.

Mura bhfuil an chóiríocht atá ag iarratasóir ar An Scéim Cóiríochta ar Cíos feiliúnach faoi láthair dá riachtanais, nó mura bhfuil an caighdeán sách maith nó mura bhfuil fonn ar an Tiarna Talún atá aige nó aici faoi láthair páirt a ghlacadh sa Scéim cuardóidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe cóiríocht nua d'iarratasóirí atá incháilithe.

Tabhair faoi deara go mbíonn feidhm ag an ngnáthchaidreamh idir an Tiarna Talún agus an Tionónta faoi théarmaí na Scéime Cóiríochta ar Cíos.

Má tá Forlíonadh Cíosa á fháil agat:

Níor mhór do dhuine, chun cáiliú don Scéim Cóiríochta ar Cíos tithíocht a bheith ag teastáil uaidh nó uaithi go fadtéarmach, Forlíonadh Cíosa a bheith á fháil aige nó aici i láthair na huaire agus an forlíonadh sin a bheith á fháil aige nó aici, de ghnáth, ar feadh tréimhse leanúnach 18 mí. Ní bhaineann An Scéim Cóiríochta ar Cíos le daoine atá ar scéimeanna áirithe cosúil leis an scéim "Filleadh ar an Obair". Ná ní bhaineann sí le daoine nach bhfuil cead faighte acu fanacht go buan sa Stát.

Faoi láthair tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe i mbun foirmeacha iarratais agus bileoga eolais a sheoladh chuig na daoine go léir a bhfuil forlíonadh cíosa á fháil acu le 18 mí anuas, ar a laghad. Má tá tú incháilithe don Scéim Cóiríochta ar Cíos aistreoimid isteach ar an Scéim tú le haghaidh na cóiríochta ina bhfuil tú faoi láthair, nó murar féidir sin a dhéanamh, le haghaidh malairt chóiríochta eile a bheadh feiliúnach.

Tabhair faoi deara, le do thoil, nach mbeidh tionchar ag an Scéim seo ar d'iarratas ar theach údaráis áitiúil.

Más Tiarna Talún, Gníomhaire nó Forbróir tú:

Má tá tionóntaí agat faoi láthair a bhfuil Forlíonadh Cíosa á fháil acu nó má tá maoin agat a bheadh ar fáil, b'fhéidir go mbeadh suim agat í a bheith san áireamh sa Scéim Cóiríochta ar Cíos. Tá suim ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe socruithe conarthacha a tharraingt suas maidir le cóiríocht phríobháideach ar cíos a bheadh ar fáil go meántéarmach nó go fadtéarmach i gcomhair na Scéime Cóiríochta ar Cíos.

Ba bhuntáiste don Tiarna Talún é gan iallach a bheith air nó uirthi **cíosanna a bhailiú ó na tionóntaí** fad is a bheadh an conradh i bhfeidhm. Bheadh **pras íocaíocht an chíosa in aghaidh na míosa** ráthaithe roimh ré.

Ní bheadh ar an Tiarna Talún **áiteanna folmha a líonadh** fad is a bheadh conradh na Scéime Cóiríochta ar Cíos i bhfeidhm agus ba **shócmhainn le cur sa bhanc** na híocaíochtaí cíosa sin a bheadh ráthaithe ar théarma seasta faoin Scéim Cóiríochta ar Cíos.

Ní mór do thiarna talún a dhualgais chánach a bheith comhlíonta aige nó aici chun bheith páirteach, is cóir an tionóntacht a bheith cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha agus ní mór go nglanfaí an mhaoin faoi chigireacht a dhéanfaí faoi na rialacháin, Housing (Standards for Rented Houses) Regulations,1993.

Má tá a thuilleadh eolais uait faoin Scéim déan teagmháil, le do thoil, leis an Aonad don Scéim Cóiríochta ar Cíos i gComhairle Cathrach na Gaillimhe ag (091) 536 852 nó 536 405.

É níos éasca duit do bhillí a íoc le Comhairle Cathrach na Gaillimhe...

Fíneálacha Páirceála, Muirir Boscaí Bruscair, Muirir Uisce le híoc?

- In Airgead Tirim istigh in Oifig an Airgid i Halla na Cathrach (Luan - Aoine, ón 9.00rn - 4.00in
- Le Seic déanta amach do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus Uimhir do Chuntais Bhruscair air nó leis.
- Le hOrdú Poist déanta amach do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe
- Le Cárta Creidmheasa/Léasair ach glaoch ar 091 536437 nó 536439 (Luan - Aoine, ón 9.00rn go dtí 5.00in)
- Le Gíoró Bainc le tarraingt in aon bhanc
- Íoc ar líne

Méara Niall Ó Brolcháin ag ardú brat glas i Mí Márta 2007 lasmuigh de 'Grianach House School

Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun cinn i gcúrsaí athchúrsála

Dramhaíl, bruscar, salachar, cosamar…cibé ainm agat air, is é bun agus barr an scéil nach dtugann an chuid is mó de na daoine suntas do na rudaí a chaitheann siad isteach ina mboscaí bruscair.

An raibh a fhios agat, mar shampla …

- go mbíonn an oiread fuinnimh neamhréadaithe sa ghnáthbhosca bruscair is a dhéanfadh 500 folcadh, 3500 cithfholcadh nó 5000 uair teilifíse?
- go gcoinneodh an fuinneamh a shábhálfaí as aon channa dí alúmanaim amháin an teilifís ag obair go ceann 3 huaire an chloig?
- go sábhálfadh aon bhuidéal plaisteach amháin atá athchúrsáilte dóthain fuinnimh do bholgán 60 vata ar feadh 6 huaire an chloig agus go gcoinneodh buidéal gloine amháin atá athchúrsáilte bolgán 100 vata lasta ar feadh uair an chloig.
- Spárálfadh gach tonna de pháipéar athchúrsáilte 17 crann, 380 galún ola, trí troithe ciúbach de spás líonta talún, 7000 galún uisce agus dóthain cumhachta chun ríomhaire a choinneáil ag obair ar feadh bliana!

Ach is é an dea-scéala go bhfuilimidne i gCathair na Gaillimhe thar barr ó thaobh na hathchúrsála de. Bhí Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar bharr scálaí na n-údarás áitiúil ar fud na tíre maidir le cúrsaí athchúrsála sa tuarascáil ba dhéanaí ón mBord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil a foilsíodh i mí an Mheithimh seo caite. Dá réir sin athchúrsáiltear 54% de dhramhaíl tís na cathrach faoi láthair. Seo é an ráta athchúrsála is airde sa tír agus tá sé i bhfad níos airde ná 21%, an meán náisiúnta. Sin le rá gur lú ná 46% den dramhaíl a bhíonn sa chathair a sheoltar chuig láithreán líonta talún, figiúr atá suntasach nuair a smaoinítear go seolann roinnt de na húdaráis áitiúla 98% den dramhaíl tís ar aghaidh chuig láithreáin líonta talún.

Scálaí Athchúrsála Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

Is de bharr gur cuireadh tús le córas bailithe scagtha dramhaíola sa bhliain 2001 agus gur éirigh go maith leis atá na scálaí athchúrsála chomh suntasach sin. An bhliain sin fuair gach custaiméir bosca bruscair donn le haghaidh dramhaíola a bhféadfaí múirín a dhéanamh aisti, bosca uaithne dramhaíola le haghaidh athchúrsála agus bosca glas le haghaidh dramhaíl líonta talún. B'iontach an chéim chun cinn í seo maidir le bainistiú dhramhaíl tís na cathrach mar go seoltaí an dramhaíl tís go léir ar aghaidh chuig láithreán líonta talún roimhe sin cé go meastar gur féidir dhá thrian den dramhaíl a bhíonn sa ghnáthbhosca bruscair a athchúrsáil nó múirín a dhéanamh aisti.

Cathair na Gaillimhe

- Tá an ráta athchúrsála gloine is airde sa tír aici
- Tá sé tugtha síos do na bainc bhuidéal ar Bhóthar Dáileach gurbh iad ba mhinice a líonadh sa bhliain 2006.
- Tá 25 bratach uaine ar foluain thuas in airde taobh amuigh de scoileanna sa chathair
- Bronnadh an teideal Scoil Athchúrsála na Bliana 2006 ar Scoil N. Micheál, Scoil Náisiúnta na mBuachaillí i Muirbheach

Ó tharla go bhfuilimid ar bharr an liosta ní mór dúinn anois ár n-áit a choinneáil ansin. Tá sé ríthábhachtach dúinn anseo i nGaillimh, chomh maith le bheith ag athchúrsáil, iarracht a dhéanamh an méid dramhaíola a ghintear sa chathair a laghdú. Bíonn i bhfad iomarca dramhaíola in Éirinn gach bliain agus bíonn oiread a cholainne féin de dhramhaíl, ar an meán, le cur in aghaidh an duine gach 7 seachtaine. Is cóir do gach aon duine sa chathair iarracht a dhéanamh 'meáchan an bhruscair a laghdú' trí dhul i mbun bearta laghdaithe dramhaíola mar shampla earraí le níos lú de phacáistiú orthu a cheannach agus málaí siopadóireachta ath-inúsáidte a úsáid. ***Cuimhnigh air seo: Is iontach an difríocht a thiocfadh as athruithe beaga.***



Seo dhaoibh an criú.....

Pat Philbin & Peter Condon, criú bruscair de chuid Comhairle Cathrach na Gaillimhe

Seo dhaoibh Pat McPhilbin agus Peter Condon. Nuair a bhíonn an chuid is mó dínn te teolaí sa leaba bíonn an bheirt fhear seo ag obair go crua le go mbeidh sráideanna Chathair na Gaillimhe glan agus réidh don lá dár gcionn. Seo beirt de Chriú Bainistíochta Bruscair Chathair na Gaillimhe, foireann 25 duine a oibríonn ón 5 ar maidin go déanach tráthnóna, 364 lá sa bhliain le go mbeidh Cathair na Gaillimhe saor ó bhruscar.

Tá 17 bliain caite ag Pat ag obair leis an gcriú bainistíochta bruscair, tá 7 mbliana caite ag Peter léi. "Nuair a thosaigh mé amach leis an gcriú bruscair i dtosach báire" arsa Pat agus é ag míniú a scéil "thart timpeall ar Bhóthar Shandair a bhínn agus bhíodh scuab, sluasaid agus bara rotha agam le go mbaileoinn suas an bruscar". Is iomaí athrú ar rudaí ó shin agus bíonn Pat le feiceáil ar an aimsir seo, a shéidire ina láimh aige agus é ag siúl le hais an innill ghlanta sráide agus Peter ag tiomáint. Is iomaí athrú feicthe ag an mbeirt fhear ar Ghaillimh in imeacht na mblianta ní áirím an méid bruscair agus an cineál bruscair a bhíonn caite ar shráideanna na cathrach. Feictear don bheirt acu gur chuir nósanna saoil an lae inniu go mór leis na hathruithe seo. "Sa lá atá inniu ann" a deir Pat "bíonn an t-uafás buidéil phlaisteacha, cumhdaigh mearbhia agus butaí toitíní caite thart le hais blianta ó shin nuair nach mbíodh ann ach píosaí páipéir". "Bíonn go leor gloine bhriste ann anois chomh maith" arsa Peter "rud, ar ndóigh, a d'fhéadfadh a bheith contúirteach don chriú bruscair".

Mar sin an dtaitníonn a gcuid jabanna le Pat agus le Peter? "Taitníonn, cinnte" ar siad d'aon ghuth. "Is iontach an chathair í Gaillimh - tá sí beo bríomhar". "Bíonn an-atmaisféar thart timpeall ar an gcathair i gcónaí" arsa Peter. "Nuair a thosaíonn muid ag obair ar maidin bíonn an chathair uilig fúinn féin agus is iontach an tsaoirse atá leis sin. Ach ansin de réir a chéile éiríonn an chathair níos gnóthaí agus níos gnóthaí. Is breá an áit í ar maidin le bheith ag faire uirthi agus í ag dúiseacht". "Agus ní chreidfeá na cineálacha daoine a chasfaí duit" arsa Pat leis. "Tá muintir na Gaillimhe thar barr ar fad - is iadsan crann taca na cathrach". Mar sin féin is uile is baolach go gcaithfear a rá go ndéanann roinnt áirithe den phobal ciapadh go rialta ar an mbeirt. "Dá mbeadh an criú bruscair gan aon obair a dhéanamh ar feadh aon lá amháin" dar leis an mbeirt fhear "b'fhéidir go dtuigfeadh an pobal cé chomh tábhachtach is atá an tseirbhís a chuirimid ar fáil". Tá an obair níos troime ná mar a cheapfá agus ceapann Pat go siúlann sé 13 - 14 míle sa ló, is cuma an mbíonn clocha sneachta ann, an mbíonn sé ina ghleadhradh báistí nó an mbíonn an ghrian ag scalladh. "Dúshlán amach is amach é an jab" arsa Pat "ach sin fáth amháin go mbainim sásamh as". Bíonn Cathair na Gaillimhe glan agus saor ó bhruscar nuair a chríochnaíonn an bheirt a gcuid oibre. Ní fada, áfach, go mbíonn bruscar le tabhairt faoi deara ar na sráideanna arís. Mar a deir Pat "bíonn an cath buaite ag a 9 a chlog gach maidin ach bíonn sé caillte arís faoin 6 a chlog tráthnóna".

An crá croí dóibh é seo? "Ní hea" a deir siad d'aon ghuth. "Is iontach mar a tháinig Gaillimh chuici féin mar chathair sna blianta beaga deireanacha seo agus níor bhreathnaigh sí chomh maith riamh is a bhreathnaíonn sí anois. Is mór an trua go gcaitheann daoine áirithe bruscar uathu ach is é an jab atá againne an chathair a ghlanadh suas chuile mhaidin agus déanaimid é sin chomh maith is atá ar ár gcumas". Tá an bheirt fhear mórtasach as an áit atá acu ar chriú bruscair Chathair na Gaillimhe agus an ceart go hiomlán acu. Bhain Cathair na Gaillimhe an stádas mar chathair atá saor ó bhruscar amach arís anuraidh don dara bliain as a chéile agus ainmníodh í ar an 6ú baile mór is glaine in Éirinn. Ina theannta sin bhain An Fhaiche Mhór na gradaim An tSráid Chathrach is Fearr agus An Chomharsanacht Chathrach is Fearr amach. Spreagann cathair saor ó bhruscar an turasóireacht, cuireann sí an tionsclaíocht chun cinn agus bíonn caighdeán saoil níos fearr le hofráil aici. Ba chóir do gach uile dhuine dínn cabhrú le Pat agus le Peter Gaillimh a choinneáil saor ó bhruscar.

Ná caith bruscar uait agus ná cuir suas leo siúd a dhéanann amhlaidh.

Busáras na Gaillimhe agus Teach na Fiontraíochta

Busáras na Gaillimhe agus Teach na Fiontraíochta

Ní fada anois go mbeidh an busáras príobháideach is mó agus is nua-aimseartha sa tír i gCathair na Gaillimhe, busáras ina ndéanfar freastal ar oibreoirí busanna idirchathrach agus oibreoirí busanna do thurasóirí.

Beidh Busáras, clós páirceála faoi thalamh, spás oifige agus aonaid cónaithe san fhorbairt nua. Táthar chun soláthar a dhéanamh do cheathracha árasán. Forbairt na n-ilmhilliún euro de chuid McNamara a bheidh san fhorbairt seo, í deartha ag OKM Architects agus is ar Pháirc an Aonaigh, Gaillimh a tharlóidh sí i bhfoisceacht cúpla coiscéim den stáisiún atá ann anois - Stáisiún Ceannt.

Comhpháirtíocht phoiblí phríobháideach idir Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Fiontraíocht Éireann agus Michael McNamara & Company, ar éirigh leo an conradh a fháil sa chomórtas tairisceana a bhí ar siúl ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Fiontraíocht Éireann atá san fhorbairt. Tá sé i gceist léi busáras den scoth a thógáil d'fhonn freastal ar oibreoirí busanna príobháideacha na Cathrach agus ina mbeadh mol teicneolaíochta den scoth de chuid Webworks ina bhféadfaí cuideachtaí réigiúnacha Seirbhísí Intrádála Idirnáisiúnta a fhorbairt. Beidh áiseanna oifige chomh maith le struchtúr bainistíochta agus tacaíochta i gcomhair cuideachtaí Seirbhísí Intrádála Idirnáisiúnta a bheidh ag tosú amach agus a bheidh ag leathnú, á soláthar ag Webworks ionas go dtiocfaidh braislí réigiúnacha de na cuideachtaí seo chun cinn agus go bhforbróidh siad ar bhealach a bheidh féin-inbhuanaithe, féin-neartaitheach agus frithpháirteach. Ionad lárnach a bheidh sa tSaoráid Webworks chomh maith chun gnóthaí nua a fhorbairt i raon d'earnálacha teicneolaíochta sa réigiún.

Breathnófar ar an bhfoirgneamh mar thairseach na cathrach mar gur ansin a leagfaidh roinnt mhaith de na cuairteoirí agus de na turasóirí cos ar thalamh chathair na Gaillimhe den chéad uair.

Is ar bharr an bhusárais atá an chóiríocht do na hoifigí agus tá Saoráidí Webworks ann d'Fhiontraíocht Éireann - an ghníomhaireacht forbartha Éireannach atá dírithe ar bhunathrú chun feabhais a chur ar thionscail Éireannacha.

Tosaíodh ar an obair thógála sa Bhealtaine 2006 agus táthar ag súil go mbeidh an busáras príobháideach nua-aimseartha den scoth críochnaithe agus ag feidhmiú faoi Mheitheamh 2008.

Beidh ar chumas na ndaoine a thaistealaíonn ar bhusanna isteach agus amach as cathair na Gaillimhe sin a dhéanamh feasta gan tranglam trachta Stáisiún Ceannt mar atá a tharraingt orthu féin.

Bheadh bealach isteach ag na busanna trí Bhóthar an Choláiste agus bealach amach acu trí Bhóthar Pháirc an Aonaigh.

Inis Caorach

Ionad um Chóireáil Fuíolluisce inis Caorach

Osclaíodh Ionad um Chóireáil Fuíolluisce Inis Caorach go hoifigiúil i mBealtaine na bliana 2004 ar chostas€70 milliún. Is é an t-ionad seo an ghné is mó de Phríomhscéim Draenála na Gaillimhe a chosain €12 milliún. Tá córas comhaimsear tha bailithe agus cóireála fuíolluisce i bhfeidhm faoin Scéim don chathair agus don limistéar máguaird lena n-áirítear Órán Mór.

Is ionann críochnú an ionaid ar Inis Caorach agus deireadh a bheith curtha le doirteadh laethúil na milliúin galún de chamras amh isteach i gCuan na Gaillimhe agus tá Gaillimh ar liosta (atá ag dul i bhfad) na gcathracha agus na mbailte Éireannacha a bhfuil na dianchaighdeáin atá leagtha amach i dTreoir um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh an AE á gcomhlíonadh acu anois. Beidh sé de thoradh ar dheireadh a bheith le truailliú ó chamras na cathrach go gcomhlíonfar caighdeáin na mBratach Gorm as seo amach rud a rachaidh chun tairbhe snámhóirí i mBóthar na Trá.

Tá Cuan na Gaillimhe chomh glan leis an gcriostal arís de bharr gur críochnaíodh an t-ionad cóireála fuíolluisce agus tá feabhas suntasach tagtha ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe. Tá a thoradh sin le feiceáil mar gur bronnadh an Bhratach Ghorm ar Thrá na gCeann sa bhliain 2005 agus arís sa bhliain 2006 agus gur bronnadh an Bhratach Ghorm ar Thrá Bhóthar na Trá sa bhliain 2006.

Tá radharc breá oscailte de Chathair na Gaillimhe amach roimh dhuine ón gCabhsa ar féidir le coisithe siúil amach air. Tá rónta glasa, geabhróga agus puifíní i measc an fhiadhúlra atá ar an oileán anois.

Ritheann an fuíolluisce ó do theach i gCathair na Gaillimhe go dtí Ionad um Chóireáil Fuíolluisce Inis Caorach áit a ndéantar cóireáil air chun solaid ar fuaidreamh, ábhar orgánach, cothaithigh agus orgánaigh is cúis le galair a bhaint amach as ionas go mbeadh eisilteach a bheadh feiliúnach le doirteadh ar ais sa chomhshaol, fágtha. Bíonn tionchar mór ag an gcineál ábhar a dhoirteann tú síos sa doirteal nó síos sa leithreas ar chostas cóireála an chamrais agus dá thoradh sin d'fhéadfadh go mbeadh sé i bhfad níos costasaí an camras a chóireáil le go mbeadh sé ar chaighdeán inghlactha.

Caithfear plaistigh, olaí, ceimiceáin, péinteanna agus lotnaidicídí a choinneáil amach as an gcóras séarachais. Ní féidir leis na baictéir a bhriseann síos an chuid eile den fhuíoll táirgí do-bhithmhillte dá leithéid a chóireáil agus bíonn an próiseas cóireála níos deacra agus níos costasaí má dhoirtear na táirgí seo síos sa leithreas nó síos sa doirteal.

N6 Cathair na Gaillimhe go Béal Átha na Sluaighe Thoir

Sainchuspóir sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006 ab ea débhealach/mótarbhealach d'ardchaighdeán a fhorbairt idir Gaillimh agus Baile Átha Cliath agus is cuid den líonra molta sin an N6 idir Cathair na Gaillimhe agus Béal Átha na Sluaighe Thoir. Freastalóidh an Scéim ar an líon méadaitheach tráchta a bhaineann úsáid as an líonra mórbhealaí atá i gCathair na Gaillimhe agus sa limistéar máguaird cheana. Táthar tar éis béim a leagan arís eile sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 ar a thábhachtaí is atá sé go gcríochnófaí an nasc idir Gaillimh agus Baile Átha Cliath. Chomh maith leis sin tá a thuilleadh béime á leagan ar an ngá atá leis an Scéim de bharr gur ainmniodh Gaillimh mar "thairseach" náisiúnta faoin Straitéis Spáis Náisiúnta.

Cur síos ar an Scéim & Dul chun cinn go dáta
Débhealach d'ardchaighdeán, den chuid is mó, agus atá 56 km ar fad atá i Scéim mholta an N6 idir Gaillimh agus Béal Átha na Sluaighe Thoir. Is 1.8km an fad a bheadh sa phríomhlíne molta N6 a bheadh taobh istigh de theorainn na cathrach. Tá tús curtha leis na réamhoibreacha a mbaineann trí ghné leo .i. glanadh suímh, staidéir sheandálaíochta agus tuarascáil dheiridh. Tá na hoibreacha glanta suímh agus na staidéir Sheandálaíochta críochnaithe. Tá an obair ar an tuarascáil dheiridh ionann is a bheith críochnaithe. Tá cainteanna ar siúl faoi láthair maidir le ceannach talún agus bheifí ag súil tús a chur leis na príomhoibreacha sna míonna seo romhainn.

Staidéar Straitéiseach ar Líonra Busanna:

Is réigiún é an réigiún atá thart ar chathair na Gaillimhe atá bríomhar, atá ag tosú ag fás agus a bhfuil an-bhorradh faoin bhfás sin. Sa réigiún sin tá lár cathrach ó na meánaoiseanna a mbíonn an-tarraingt uirthi, ceantair uirbeacha atá scaipthe agus cúlchríoch mhór de thithe cónaithe, ar na tréithe atá aige. B'iontach mar a d'éirigh leis an gcathair infheistíocht a tharraingt chuici féin agus is í Gaillimh lárionad mór fostaíochta an réigiúin; tá roinnt ionad mór gnó taobh istigh de theorainneacha na Comhairle Cathrach agus sa réigiún in aice láimhe atá faoin gComhairle Contae. Is í Gaillimh an t-ionad réigiúnach do sheirbhísí sláinte agus oideachais de bharr go bhfuil líon áirithe d'ospidéil réigiúnacha, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉG) agus Institiúid Teicneolaíochta Ghaillimh - Mhaigh Eo lonnaithe inti.

Is ceann scríbe í an chathair chomh maith a mbíonn aghaidh roinnt mhaith turasóirí uirthi agus is í tairseach na turasóireachta í do cheantair eile sa réigiún.

Ní foláir anois go leathnófaí amach córas iompair phoiblí na Gaillimhe mar thoradh ar an gcineál sin gníomhaíochta atá ar bun go seasmhach sa chathair le blianta anois.

Tháinig an Chomhairle Cathrach agus An Roinn Iompair le chéile chun staidéar a choimisiúnú a d'aithneodh creat chun líonra busanna a fhorbairt chun tús a chur leis an obair faoi dhul i ngleic le cúrsaí a bhaineann le plódú tráchta, le hiompar poiblí nach leor é agus le daoine a bheith ag brath ar an gcarr i gCathair na Gaillimhe agus sna limistéir thart timpeall uirthi. Tá an Staidéar Straitéiseach ar Líonra Busanna tugtha chun críche agus ghlac an Chomhairle Cathrach leis. Tugtar breac-chuntas thíos ar chóras busanna a bheadh éasca le húsáid.





An Straitéis:

- Áirítear sa straitéis bealaí éagsúla ina bhféadfaí feabhas a chur ar an gcóras busanna chun go mbeadh sé níos éasca ag úsáideoirí úsáid a bhaint as agus chun seirbhís busanna a bheadh níos minice, níos sciobtha agus a bhféadfaí brath uirthi a chur ar fáil.
- Tugtar na riachtanais agus na deiseanna a bheadh ag an gCathair sa todhchaí san áireamh ó thaobh infreastruchtúr agus bearta bainistíochta tráchta de a sholáthar sa Chathair seo a bhfuil borradh an-tréan fúithi.
- Tugtar breac-chuntas ar bhearta chun srian a choinneáil ar úsáid carranna príobháideacha.
- Tá plean soiléir ann a chuirfidh chun cinn agus a cheadóidh rialú níos fearr agus coinníollacha feabhsaithe do choisithe agus do rothaithe.

Tugtar breac-chuntas thíos ar an gclár atá i gceist chun an straitéis a chur i bhfeidhm in imeacht na sé bliana seo romhainn:

Tionscadal Páirceála agus Taistil:

Chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe tionscadal píolótach, áis Páirceála agus Taistil, ar bun arís roimh Nollaig 2006 ag Ráschúrsa na Gaillimhe i mBaile an Bhriota, ar feadh mhí na Nollag mar gur éirigh chomh maith sin leis an tionscadal an bhliain roimhe sin. D'éirigh go maith leis agus áiríodh 14,600 turas aonarach bus; d'úsáid thart ar 3,500 carr an áis. Tá Comhairle Cathrach an Gaillimhe i mbun oibre faoi láthair chun áiseanna buana Páirceála & Taistil a fhorbairt sa Chathair.

Ba mhór an difríocht a rinne an tseirbhís Páirceála agus Taistil do phlódú tráchta mar gur laghdaíodh amanna taistil in Oirthear na Cathrach le linn di a bheith i bhfeidhm.

Bhí an líon custaiméirí a bhí sásta leis an tseirbhís an-dearfach agus thuairiscigh 94% díobh gur 'Seirbhís an-mhaith' a bhí san áis Páirceála agus Taistil.

Teach Solais Inis Caorach á Athchóiriú

Tá an obair chaomhnaithe agus athchóirithe ar Theach Solais Inis Caorach, maoin atá i seilbh Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ag leanúint ar aghaidh go breá sciobtha. Tá an obair ag dul ar aghaidh ar an tionscadal spéisiúil seo le roinnt mhaith blianta anois agus tá foireann le FÁS faoi stiúir Michael Davis i mbun oibreacha móra caomhnaithe. Lorg Comhairle Cathrach na Gaillimhe deontas téagartha ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil sa bhliain 2000; fuair sí an deontas sin agus chuir sí plean le chéile ar mhaithe leis an Teach Solais agus a fhoirgnimh choimhdeacha eile a athchóiriú. Tugadh cuireadh ansin do Dhúchas na Gaillimhe a bheith páirteach sa tionscadal agus tá foirne lucht oibre ag obair aige ar an oileán ó shin. Tá na caighdeáin chaomhnaithe is airde á gcur i bhfeidhm ar an tionscadal agus tá an t-ádh orainn go bhfuil an tUas. Bill Scanlon a bhíodh ina chónaí ar an oileán againn chun comhairle a chur orainn maidir leis an gcaoi ar bhreathnaigh na foirgnimh i dtús báire. Bhí an-chabhair againn freisin ó Choimisinéirí Shoilse na hÉireann; thugadar comhairle dúinn chomh maith le daingneáin agus feistis agus cóipeanna de bhundearaí an tí solais a thabhairt dúinn. Is Séadchomharthaí Taifeadta agus Struchtúir Chosanta araon iad na foirgnimh agus tá cosaint ó thaobh an dlí de acu faoi Acht na hOidhreachta Ailtireachta agus na Séadchomharthaí Stairiúla agus na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt. Is í Oifig Oidhreachta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe atá ag stiúradh thionscadal na Comhairle Cathrach agus táimid fíorbhuíoch den bheirt seo as a gcomhoibriú go leanúnach - Pat Bergen, FÁS agus Deirdre O'Neill, Bainisteoir Dhúchas na Gaillimhe, ár gcomhpháirtithe sa tionscadal.

Tá sclátaí curtha an athuair faoi seo ar na foirgnimh go léir ar theastaigh díon a chur orthu arís seachas seid amháin. Tá an obair taobh istigh ar bun, tá urláir nua á gcur síos agus tá ballaí na "bPáirceanna" (mar a thugtaí ar na páirceanna thart timpeall ar an teach solais) á dtógáil. Fuinneoga nua a chur isteach sa teach solais agus sna foirgnimh choimhdeacha an chéad rud eile a bheidh le déanamh. Tá urraíocht á déanamh ag Noel Grealish, Uas. TD, ar obair ghloine na bhfoirgneamh. Chuir deontais fhlaithiúla ón gComhairle Oidhreachta ar ár gcumas díon a chur an athuair ar cheann de na foirgnimh tís. D'íoc deontas eile ón gComhairle Oidhreachta cuid de na doirse a cuireadh isteach as an nua, doirse atá déanta go caighdeáin chaomhnaithe agus i gcosúlacht na ndoirse a bhí ann i dtús báire. John Higgins Ltd. An Fhaiche Mhór, a rinne an obair seo. Is í An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe faoi seach atá ag tabhairt an chuid is mó den mhaoiniú le haghaidh an ábhair agus le haghaidh na seirbhísí a chur ar fáil. Tá áthas orainn, mar is gnáth, buíochas a ghlacadh le Earth Tech, Cuideachta Bainistíochta Ionad Cóireála Séarachais Inis Caorach as a cabair agus a comhoibriú.

Le haghaidh tuileeadh eolais, dean teagmháil le Jim Higgins, Oifigeach Oidhreachta

Cúinne na bPáistí

Scáthanna

An féidir leat é seo a dhéanamh?

An eilifint atá ann?
Nó sioráf?
Triail iad tú féin. Is féidir teacht suas le cruthanna eile. Tá neart spraoi ag gabháil leis.
Níl uait ach scáth agus neart samhlaíochta.

€20 le buachaint

Chun €20 a bhuachaint, cur críoch leis an gcrosfhocal seo agus seol chuig :

Máire Ní Mhulláin, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Bóthar an Choláiste, Gaillimh

Beidh na freagraí cearta curtha isteach i mbosca agus beidh an buaiteoir tarraingthe ós na freagraí sin go léir.



Across

4 Wear these on your feet to be cool
6 Use this to fish for crabs in the pools
8 Place with lots of sand
10 A body of water with a beach
11 A game people like to play at the beach
13 Little creatures used to live in them
14 You can find lots of creatures hiding here
15 What you wear to go in the sea

Down

1 You need to blow air into this to play
2 Build using lots of sand and shells
3 It moves sideways along the beach
5 Season after spring
7 Green, brown, slimy
9 Use this to put sand in bucket
12 Put sand in

Foirm Aiseolais

AINM: _____

SEOLADH: _____

_____

_____

_____

UIMHIR THEILEAFÓIN: _____

AISEOLAIS: _____

SÍNIÚ: _____

DÁTA: _____

Is féidir leat do chuid tuairimí a sheoladh ar ríomhphost chuig:
maire.nimhullain@galwaycity.ie

Déan teagmháil linn

Más mian leat teagmháil a dhéanamh le Comhairle Cathrach na Gaillimhe féadfaidh tú sin a dhéanamh ar an ríomhphost ag enquiries@galwaycity.ie nó ar an teileafón ag 091 536400 idir 9.00rn agus 4.00in Luan - Aoine. Is féidir dul isteach ar an suíomh gréasáin atá againn trí www.galwaycity.ie

Seoladh Halla na Cathrach
Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Halla na Cathrach,
Bóthar an Choláiste, Gaillimh

An bhfuil tú cláraithe chun vóta a chaitheamh?

Bhuel, an bhfuil? Ullmhaíonn na húdaráis áitiúla go léir Clár na dToghthóirí gach uile bhliain. Tá Clár Toghthóirí 2007/2008 i bhfeidhm ón 15 Feabhra 2007; beidh sé i bhfeidhm go dtí an 14 Feabhra 2008 agus bainfear úsáid as i ngach uile thoghchán a bheidh ann sa tréimhse sin agus an tOlltoghchán atá ag teacht san áireamh.

Tá ainmneacha agus seoltaí na ndaoine go léir atá cláraithe chun vóta a chaitheamh le Comhairle Cathrach na Gaillimhe suas go dtí 14 Feabhra 2007 ar Chlár Toghthóirí Chathair na Gaillimhe. Cuirfear iarratas ar bith ar chlárú a gheofar tar éis an 15 Feabhra 2007 san áireamh i bhForlíonadh an Chláir. Má fhaigheann tú amach nach bhfuil d'ainm ar an gClár seo ar chúis ar bith, féadfaidh tú ag tráth ar bith suas go 14 lá roimh aon toghchán iarratas a dhéanamh ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe d'ainm a chur ar Fhorlíonadh Chlár na dToghthóirí 2007/2008. Má dhéanfar aon Olltoghchán nó Reifreann a ghairm is iad Clár na dToghthóirí agus an Forlíonadh foilsithe na cáipéisí a mbainfear úsáid astu chun cártaí Vótála a eisiúint. Beidh an t-eolas faoin áit le do vóta a chaitheamh ar Lá an Toghcháin ar na cártaí seo ach ní theastóidh an cárta uait le vóta a chaitheamh.

Má theastaíonn uait d'ainm a bheith ar Fhorlíonadh an Chláir ba chóir duit an fhoirm RFA2 (foirm uaithne) a líonadh. Má theastaíonn uait an seoladh atá agat ar an gClár a athrú ba chóir duit foirm RFA3 (foirm bhándearg) a líonadh. Tá an dá fhoirm le fáil ó Halla na Cathrach nó ó aon láthair ina bhfuil an Clár ar taispeáint inti .i. Stáisiúin na nGardaí, Leabharlanna Poiblí agus Oifigigh Poist. Caithfidh comhalta den Gharda Síochána a ainm nó a hainm a chur le gach aon cheann de na foirmeacha seo.

Má theastaíonn uait a fháil amach an bhfuil d'ainm ar an gClár nó má theastaíonn an fhoirm RFA2 nó an fhoirm RFA3 uait féadfaidh tú dul isteach ar an suíomh gréasáin www.checktheregister.ie nó glaoch ar Mhaura nó ar Úna ag 091-536453.

Sonraí Teagmhála

Comhairle Cathrach na Gaillimhe

Fáiltiú:	091 – 536400
Faics:	091 - 567493
Rphost:	enquiries@galwaycity.ie
Suíomh Idirlíon:	www.galwaycity.ie

Pobal & Fiontraíocht	536573
Seirbhísí Bóthair & Uisce	536589
Maoir Pobail	53544
Táillí Seirbhíse	536593
Seirbhísí Corpráide	536597
Fíneáil Tráchta	53594
Comhshaol	536595
Gníomhaireacht Fuinnimh na Gaillimhe	536496
Airgeadas	536592
Páirceanna & Cultúr	536548
Tithíocht	536590
Pleanáil	536599
Cothú Tithíochta	536591
Rátaí	536593
Acmhainní Daonna	536596
Clár na dToghthóirí	536597
Rúnaí an Mhéara	53446